Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022

**Dámhachtainí Thionscadal Fhine Gall Ildánach 2020**

**Treoirlínte**

Is tionscnamh Rialtais cúig bliana é Éire Ildánach 2017-2022 a chuireann cruthaitheacht i gcroílár an bheartais phoiblí. Is éard is Fine Gall Ildánach ann ná cur i bhfeidhm áitiúil an tionscnaimh seo ar fud limistéar Fhine Gall.

Mar chuid de chlár Éire Ildánach 2020 Fhine Gall, iarrann Comhairle Contae Fhine Gall iarratais ó dhaoine aonair agus ó ghrúpaí a bhfuil tionscadail seachbhrabúsacha acu a dhéanann iniúchadh cruthaitheach ar cheann amháin ar a laghad de na téamaí seo a leanas;

- Folláine agus Cultúr an Phobail
- Oidhreacht (a bhféadfadh a bheith ar áireamh ann taiscéalaíocht stairiúil)
- Ceol
- STEAM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, na healaíona agus matamaitic)
- An Ghaeilge

**Tabharfar tús áite do thionscadail a chomhcheanglaíonn dhá théama nó níos mó**

Meastar go mbronnfar sraith dámhachtainí ar fiú thart ar €3,000 - €10,000 iad.

**COINNÍOLLACHA**

**1.** Ní ghlacfar le hiarratais ach ar an bhfoirm iarratais oifigiúil agus sin amháin.

**2.** Ní bheidh na ábhair tacaíochta níos mó ná A4. Ní dhéanfar ábhar tacaíochta níos mó ná A4 a mheas.

**3.** Is é an dáta deiridh le haghaidh iarratas Dé hAoine an 28 Feabhra 2020, ag 16.30. Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha.

**4.** Ní féidir iarratais a dhéanamh ach amháin go dtarlóidh tionscadail i Limistéar Fhine Gall.

**5.** **Ní mór na tionscadail a bheith críochnaithe faoin 1 Samhain 2020.**

**6.** Ní mór go mbeadh gné an chomhéadan phoiblí/rannpháirtíochta poiblí den tionscadal/imeacht a bheith saor in aisce.

**7.** Áireofar ar na Critéir Roghnúcháin:

(a) A mhéid atá an t-imeacht/tionscadal atá beartaithe ailínithe le Colún Chlár Éire Ildánach - 'Cruthaitheacht a Chumasú i ngach Pobal';
(b) A mhéid is a uasmhéadaíonn an t-imeacht/tionscadal atá beartaithe rannpháirtíocht an phobail agus na saoránach;
(c) A mhéid atá an ócáid/tionscadal atá beartaithe uaillmhianach, nuálach agus a chothaíonn sé cruthaitheacht;
(d) Scóip fhéideartha an imeacht/ an tionscadail agus an spriocghrúpa ionchais;
(e) Costas an imeachta/an tionscadail atá beartaithe agus aon tacaíochtaí agus maoiniú breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil nó atá daingnithe; agus
(f) Indéantacht an tionscadal a chríochnú laistigh den achar ama sonraithe.

**8.** Déanfar gach tionscadal a mheas ag úsáid na scéime marcála seo a leanas

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Ag tabhairt faoi roinnt téamaí | 125 |
| 2 | Leibhéal rannpháirtíochta an phobail agus na saoránach (a) (b) (d) | 250 |
| 3 | Scála an tionscadail i dtéarmaí uaillmhéine, nuálaíochta agus cruthaitheacht a chothú. (c) | 250 |
| 4 | Costáil - luach ar airgead (e) | 175 |
| 5 | Bainistíocht tionscadail – A indéanta atá sé an tionscadal a chríochnú (f) Ní mór don eagraí (na heagraithe) fianaise a thabhairt maidir leis an tionscadal agus plean soiléir a sholáthar maidir seachadadh an tionscadail | 200 |
| | Iomlán | 1000 |

**9.** Ní mór do gach duine a fhaigheann cúnamh deontais faoin scéim Éire Ildánach le haghaidh tionscadal a bhaineann le leanaí nó le daoine óga polasaithe cuí a bheith acu maidir le Cosaint Leanaí. Beidh deimhniú ag teastáil ó Chomhairle Contae Fhine Gall freisin go bhfuil na polasaithe árachais cuí agus na Nósanna Imeachta Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm.

**10.** Ní mór cúnamh deontais a chuireann Comhairle Contae Fhine Gall ar fáil don tionscnamh Éire Ildánach a admháil i ngach ábhar poiblíochta a bhaineann leis an tionscadal. Forchoimeádaimid an ceart poiblíocht a dhéanamh ar bhronnadh Dámhachtain Thionscadal Fhine Gall Ildánach.

Mura dtugtar admháil go cuí d'fhéadfaí a mheas go bhfuil an dámhachtain neamhbhailí agus d'fhéadfadh gá a bheith ann tacaíocht a fuarthas a aisíoc le Comhairle Contae Fhine Gall. Gheobhaidh gach iarratas a éiríonn leis cóip de lógónna Chomhairle Contae Fhine Gall agus Éire Ildánach, mar aon leis na riachtanais maidir leis an dámhachtain a admháil.

**11.** Ceanglaítear ar iarratasóirí a n-éiríonn leo tuairisc ar dhul chun cinn/nuashonrú gearr a sholáthar do Chomhairle Contae Fhine Gall leath bealaigh tríd an tionscadal. Mura ndéantar sin d'fhéadfaí a mheas t é sin a dhéanamh, is dóigh go bhfuil an dámhachtain neamhbhailí.

**12.** Ní thabharfar cúnamh maidir le gníomhaíochtaí tráchtála.

**13.** Ní dhéanfar íocaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí a chuirtear tús leo roimh cheadú.

**14.** Cuirfear gach iarratasóir ar an eolas i scríbhinn faoi chinntí na Comhairle.

**15.** Níor chóir glacadh le híocaíocht dámhachtainí mar léiriú go dtabharfar aon dámhachtain ina dhiaidh sin don eagraí/tionscadal ar ócáid eile.

**16.** Is féidir ábhar tacaíochta a bheith i dteannta na n-iarratas. Ábhar tacaíochta, nach mó ná A4 (m.sh. ó thionscadail roimhe seo, taispeántais srl. le dátaí, ionaid, CVanna na gceannairí tionscadail, nó próifíl na n-eagraithe, grianghraif)

**17.** Ag brath ar leibhéal an deontais arna bhronnadh, d'fhéadfadh go mbeadh gá le Deimhniú Imréitigh Cánach reatha.

**18.** Ní mór fianaise a bheith ag gach Tionscadal ar Árachas Dliteanais phoiblí leordhóthanach agus cuimsitheach.

Seol na foirmeacha iarratais comhlánaithe agus cóip amháin d'aon ábhar tacaíochta chuig:

**Dámhachtainí Thionscadal Fhine Gall Ildánach 2020, Rannóg Pobail, Cultúir agus Spóirt Chomhairle Contae Fhine Gall, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15, D15 W638**

Nó seol ríomhphost chuig
Creativefingal@fingal.ie

Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le:

Ríomhphost: creativefingal@fingal.ie
Láithreán Gréasáin: https://www.fingal.ie/ga/damhachtaini-thionscadal-fhine-gall-ildanach-2020

**Comhairle Contae Fhine Gall**
**Dámhachtainí Thionscadal Fhine Gall Ildánach 2020**

## FOIRM IARRATAIS

### 1.0 Sonraí an Iarratasóra

Ainm an Iarratasóra: ____________________________________________________

Eagraíocht (*más infheidhme*) _____________________________________________

Ainm agus Teideal an duine teagmhála (chun críocha íocaíochta):

______________________________________________________________________

Seoladh:

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

Teil: ___________________________ R-Phost _______________________________

Tabhair sonraí faoi obair na hEagraíochta /na nEalaíontóirí________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**2.0 Sonraí an Tionscadail**

Tionscadal/ Imeacht a bhfuil an deontas á lorg ina leith: (is féidir leat pointí le hurchair nó bileog ar leith a úsáid más gá). Cinntigh le do thoil go ndéanann tú gach mír a mheas faoin gCritéar Roghnúcháin atá leagtha amach ar an nóta faisnéise i gceangal leis seo.

Cé a bheidh páirteach sa Tionscadal?

Cé hiad do spriocghrúpa / rannpháirtithe?

Dáta Tosaithe an tionscadail: _______________

Dáta Deiridh an Tionscadail: __________________

## 3.0 Téamaí an Tionscadail

Tabhair ar aird go bhfuil dhá théama nó níos mó inmhianaithe do do thionscadal

Folláine agus Cultúr an Phobail ☐

Oidhreacht ☐

Ceol ☐

STEAM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, na hEalaíona & Matamaitic) ☐

An Ghaeilge ☐

## 4.0 Buiséad don Tionscadal

Cad é costas measta foriomlán an tionscadail? __________

Cé mhéad atá á lorg agat ón ndámhachtain seo? __________

(Deontas íosta ar fáil €3,000 - Deontas uasta €10,000)

Tabhair ar aird nach bhfuil an t-uasdeontas ráthaithe.

An bhfuil tú ag déanamh iarratais ar mhaoiniú don tionscadal seo ó aon fhoinsí eile?

Tá ( ) Níl ( )

(Tabhair ar aird: ní cheadaítear maoiniú dúbailte ó Chomhairle Contae Fhine Gall)

Más 'Tá' a d'fhreagair tú, tabhair sonraí

| Foinse | Méid |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

Tabhair ar aird nach bhfuil an t-uasdeontas a iarrtar ráthaithe.  Má tharlaíonn sé sin, conas a bheartaíonn tú an t-easnamh don tionscadal a mhaoiniú.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**Costais an Tionscadail**

Tabhair sonraí faoi na costais bheartaithe a bhaineann leis an tionscadal. Nuair is cuí, tabhair luachana nó tairiscintí má tá siad ar fáil.

| Mír | Costas |
|---|---|
| ______________________________________________ | _________________ |
| ______________________________________________ | _________________ |
| ______________________________________________ | _________________ |
| ______________________________________________ | _________________ |
| ______________________________________________ | _________________ |
| ______________________________________________ | _________________ |

Costas Iomlán _________________

Tabhair ar aird: Chun maoiniú a tharraingt anuas, ní mór don ghrúpa admhálacha de chaiteachas faofa i leith do thionscadail a chur isteach.  Déanfar íocaíocht de bhun admhálacha incháilithe arna soláthar agus íocfar iad trí ríomhaistriú airgid amháin. Déanfar íocaíocht go siarghabhálach agus sin amháin.

**5.0 SEICLIOSTA. CINNTIGH LE DO THOIL GO BHFUIL GACH DOICIMÉAD ÁBHARTHA SAN ÁIREAMH AGAT**

☐ Cur síos ar an tionscadal atá beartaithe.

☐ Dearbhú ar dheontais eile nó ar chúnamh eile a fuarthas nó a lorgaíodh.

☐ Buiséad an tionscadail

☐ Ábhar tacaíochta **(Nach mó ná A4)** a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don iarratas seo (m.sh. cláir ó thionscadail, seónna, taispeántais srl. roimhe seo le dátaí, ionaid, CV nó próifíl na n-eagraithe, grianghraif)

**6.0 Dearbhú**

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis thuasluaite ceart. Ceanglaím doiciméid dá dtagraítear thuas agus tuigim Treoirlínte na Comhairle maidir le cúnamh.

**Sínithe:** ___________________________________ **Dáta:** _________________

**Seol an fhoirm iarratais chomhlánaithe agus cóip d'aon ábhar tacaíochta chuig:**

**Dámhachtainí Thionscadal Fhine Gall Ildánach 2020**
**Rannóg Pobail, Cultúir agus Spóirt Chomhairle Contae Fhine Gall,**
**Bóthar an Gharráin,**
**Baile Bhlainséir,**
**Baile Átha Cliath 15,**
**D15 W638**

**Nó trí ríomhphost chuig:**

**creativefingal@fingal.ie**

**Is é an dáta deiridh le haghaidh iarratas Dé hAoine an 28 Feabhra 2020, ag 16.30.**

**Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha.**